# Coláiste Chilliain
# Ráiteas um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí agus Measúnú Riosca 2026

**CSS 1: Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca**

| | |
|---|---|
| Do | Coláiste Chilliain |
| Ag | Cluain Dolcáin, BÁC 22 |

Is **iar-bhunscoil** í an scoil seo

De réir cheanglais Acht um Leanaí ar dtús 2015, maidir le *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí 2017, an tAguisín le Leanaí Ar dtús (2019), Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus Leas Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán. (Túsla, 2024)*, tá an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca atá leagtha amach sa cháipéis seo glactha ag an mbord bainistíochta.
Tá *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* na roinne glactha ag an mbord bainistíochta agus cuirfidh sé i bhfeidhm iad go hiomlán agus gan mhodhnú mar chuid den Ráiteas foriomlán um Chosaint Leanaí agus den Mheasúnú Riosca seo.

**Ainm an Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA):**

| |
|---|
| Martha Ní Chathasaigh |

**Ainm an Leas-Dhuine Idirchaidrimh Ainmnithe (Leas-DIA/LDIA):**

| |
|---|
| Rita Ní Dhomhnalláin |

*In éagmais an DIA, glacfaidh an Leas-DIA freagrachtaí an DIA.*

**Ainm an Duine Iomchuí:**

| |
|---|
| Martha Ní Chathasaigh |

*I scoileanna is é an duine seo an DIA*

**Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Duine Ábhartha ar:**

| | |
|---|---|
| 01 - 4574888 | Eolas@colaistechilliain.ie |

*Faoin Acht um Leanaí ar Thús 2015 ciallaíonn Duine Ábhartha duine atá ceaptha ag soláthraí seirbhíse ábhartha mar an gcéad phointe teagmhála i leith an Ráitis um*

*Chosaint Leanaí. Ainmníonn an bord bainistíochta an duine seo chun imní/líomhaintí maidir le mí-úsáid leanaí a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu.*

**Ainm Chathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an Phríomhfheidhmeannaigh nó a ionadaí:**

| |
|---|
| Mark McDonald (Stiúrthóir Scoileanna BOOÁCDL) |

*I gcás go bhfuil an DIA agus an LDIA as láthair agus nach bhfuil siad ar fáil, agus i gcás nach bhfuil aon bhall foirne ag gníomhú go foirmiúil ina ról, glacann cathaoirleach an bhoird bhainistíochta, nó i scoil BOO an príomhfheidhmeannach nó a thoscaire, ról an DIA.*

Aithníonn an bord bainistíochta go bhfuil cosaint agus slándáil leanaí fite fuaite le gach gné de shaol na scoile agus gur gá é sin a léiriú i ngach polasaí, nósanna imeachta, cleachtas agus gníomhaíocht na scoile. I ngach ceann de na cásanna seo, cloífidh an scoil leis na prionsabail seo a leanas maidir le dea-chleachtas i gcosaint agus leas leanaí:

Déanfaidh an scoil:

- Aithint a dhéanamh go bhfuil cosaint agus leas leanaí thar a bheith tábhachtach, beag beann ar aon bhreithnithe eile.
- Cloí go hiomlán lena oibleagáidí reachtúla faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus reachtaíocht ábhartha eile a bhaineann le cosaint agus leas leanaí.
- Comhoibriú go hiomlán leis na húdaráis reachtúla ábhartha i ndáil le cúrsaí cosanta agus leasa leanaí.
- Glac le cleachtais shábháilte chun an fhéidearthacht go ndéanfaí dochar do leanaí a íoslaghdú agus baill foirne na scoile a chosaint ar an ngá rioscaí neamhriachtanacha a ghlacadh a d'fhéadfadh iad a fhágáil i mbaol cúisimh mí-úsáide leanaí.
- Cleachtas oscailteachta a fhorbairt le tuismitheoirí agus rannpháirtíocht thuismitheoirí in oideachas a bpáistí a spreagadh.
- Urraim iomlán a thabhairt do cheanglais rúndachta mar atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025* agus déileáil á déanamh le cúrsaí cosanta leanaí.
- Cloí leis na prionsabail thuasluaite i ndáil le haon duine fásta leochaileach.

## Nósanna Imeachta agus Bearta atá i bhFeidhm

Forbraíodh ár Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ár Measúnú Riosca i gcomhréir le ceanglais faoin Acht um Leanaí ar dtús 2015, an Acht um *Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta 2017*, agus *Cosaint Leanaí: Treoir maidir le Beartas, Nós Imeachta agus Cleachtas, 2ú heagrán.* (Túsla, 2024), agus na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025. Chomh maith leis na nósanna imeachta atá liostaithe inár

measúnú riosca, tacaíonn na nósanna imeachta seo a leanas lenár n--intinn leanaí a chosaint agus iad ag baint leasa as ár seirbhís:

- **Nós Imeachta maidir le Bainistiú Líomhaintí Mí-Úsáide nó Mí-Iompair i gcoinne Pearsanra Scoile a Bhaineann le Leanbh atá ag Baint Úsáide as ár Seirbhís**
  - I gcás ina mbíonn aon bhall de phearsanra na scoile faoi réir aon imscrúdaithe i leith aon ghnímh, neamhghníomh nó imthosca a bhaineann le leanbh atá ag freastal ar an scoil, ceanglaítear ar an scoil cloí leis na nósanna imeachta ábhartha a leagtar amach i gCaibidil 7 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus leis na nósanna imeachta araíonachta ábhartha comhaontaithe do bhaill foirne na scoile atá foilsithe ar shuíomh gréasáin gov.ie.
- **Nós Imeachta maidir le hEarcaíocht agus Roghnú Sábháilte Pearsanra Scoile chun obair le Leanaí**
  - Tá sé de dhualgas ar an scoil cloí le ceanglais an Achta Grinnfhiosrúcháin. Éilíonn roghnú nó earcaíocht foirne agus a n-oiriúnacht chun oibriú le páistí ar an scoil cloí le ceanglais reachtúla grinnfhiosrúcháin Achtanna an Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Leochaileacha) 2012 go 2016, agus leis an treoir níos leithne maidir le dualgas cúraim a leagtar amach i gciorcláin ábhartha grinnfhiosrúcháin agus earcaíochta an Gharda Síochána arna bhfoilsiú ag an Roinn Oideachais agus Óige agus atá ar fáil ar shuíomh gréasáin gov.ie agus mar a leagtar amach i gCaibidil 10 de na nósanna imeachta.
  - Tá prótacal scríofa i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí, mar a leanas:

⇒ Tugann an prótacal seo a leanas údarás don scoil gníomhú láithreach faoi alt 7.3.6 de 'Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025'. Ba cheart na nósanna imeachta a leagtar amach i gCaibidil 7 agus in Aguisín 3 de na Nósanna Imeachta a leanúint.

⇒ I gcomhthéacs na nósanna imeachta seo, i gcás gur gá gníomhú, mar bheart réamhchúraim riachtanach chun na leanaí sa scoil a chosaint, beidh údarás ag príomhoide na scoile, tar éis dul i gcomhairle leis an stiúrthóir scoile / mbord oideachais agus oiliúna (an fhostóir) ordú a thabhairt d'fhostaí fanacht ón scoil láithreach gan aon phá a chailleadh go dtí go mbeidh measúnú déanta ar aon an ní ag an bhfostóir.

⇒ Tá sé an-tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil an gníomh seo faoin bprótacal beartaithe le bheith ina ghníomh réamhchúraim, agus ní ina ghníomh araíonachta. Is beart eatramhach a bheidh sa ghníomh faoin bprótacal seo go dtí go ndéanfaidh an fostóir tuilleadh breithniúcháin ar an ní.

⇒ Tabharfar cuireadh don fhostaí freastal ar chruinniú leis an bpríomhoide, arb é an cuspóir a bheidh leis an fostaí a chur ar an eolas faoin líomhain agus faoin

ngníomh atá á dhéanamh. Féadfaidh duine cuí de rogha an fhostaí féin an fostaí a thionlacan, agus cuirfear an méid sin in iúl dó nó di. In aon chás, cuirfear an ní in iúl don fhostaí freisin, i scríbhinn. Déanfaidh an príomhoide taifead den chruinniú, rud a choinneofar ar an gcáschomhad iomchuí.

- **Nós Imeachta maidir le Soláthar Oiliúint agus Faisnéise maidir le Cosaint Leanaí agus Rochtain orthu, lena n-áirítear Aithint Tharla an Díobhála**
  - Cuireann an scoil faisnéis agus oiliúint ar fáil do bhaill foirne na scoile maidir le sainaithint tarlaithe díobhála (mar a shainmhínítear in Acht 2015) mar seo a leanas:
  - ⇒ Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus Measúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball de phearsanra na scoile, lena n-áirítear aon bhaill nua de phearsanra na scoile, (fostaithe agus oibrithe deonacha, baill den bhord bainistíochta, múinteoirí faoi oiliúint agus iad siúd atá ar thaithí oibre).
  - ⇒ Cinntíonn sé go bhfuil oiliúint ábhartha faighte ag baill de phearsanra na scoile agus go bhfuil oiliúint ar chosaint leanaí críochnaithe acu.
  - ⇒ Spreagann sé baill an bhoird bhainistíochta chun leas a bhaint as aon oiliúint ábhartha agus oiliúint ar chosaint leanaí a chríochnú.
  - ⇒ Cinntíonn an bord bainistíochta go gcoimeádtar taifid ar oiliúint chosanta leanaí na foirne agus na gcomhaltaí boird go léir.
- **Nós Imeachta maidir le Tuairisciú Imní maidir le Cosaint nó Leas Leanaí chuig Túsla**
  - Ceanglaítear ar gach ball de phearsanra na scoile cloí leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, maidir le himní faoi chosaint leanaí a thuairisciú do Túsla. Baineann tuairisciú éigeantach le gach múinteoir cláraithe agus le haon duine eile atá faoi chúram na scoile, mar shampla séiplíneach nó altra. Tá liosta iomlán de na daoine sin atá ina ndaoine sainordaithe leagtha amach in Aguisín 1 de na nósanna imeachta.
- **Nós Imeachta maidir le Liosta a Choinneáil de na Daoine (más ann dóibh) sa tSeirbhís Ábhartha ar Daoine Sainordaithe iad**
  - Tá nós imeachta i bhfeidhm chun liosta de dhaoine sainordaithe a choinneáil. Féadfaidh le scoileanna foireann bhreise a fhostú ó am go ham a bhfuil sainordú acu de bhua a ngairme. Beidh na múinteoirí cláraithe uile san áireamh sa liosta seo agus sainaithneofar fostaithe breise nach múinteoirí cláraithe iad.
- **Nós Imeachta chun Duine Ábhartha a Cheapadh (I scoileanna is é an DIA an duine seo)**
  - Tá nós imeachta i bhfeidhm chun duine ábhartha a cheapadh.

Is féidir rochtain a fháil ar na nósanna imeachta éagsúla dá dtagraítear sa Ráiteas um Chosaint Leanaí agus sa Mheasúnú Riosca seo trí shuíomh gréasáin na scoile, suíomh gréasáin gov.ie nó cuirfear ar fáil iad ag an scoil ar iarratas.

De réir Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus an Aguisín le Leanaí ar dtús 2019 agus 2025, na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025*, rinne an bord bainistíochta measúnú ar aon fhéidearthacht go ndéanfadh leanbh dochar agus é/í ag freastal ar an scoil nó ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí scoile. Cuirtear measúnú scríofa ina leagtar amach na réimsí riosca a sainaithníodh agus nósanna imeachta na scoile chun na rioscaí sin a bhainistiú san áireamh leis an Ráiteas um Chosaint Leanaí.

**Mar Eolas: Níl sé beartaithe gur liosta uileghabhálach é na nósanna imeachta agus na bearta atá i bhfeidhm atá leagtha amach thuas. Cuirfidh boird bhainistíochta aonair nósanna imeachta agus bearta eile a bhaineann leis an scoil san áireamh sa chuid seo freisin.**

Tá an ráiteas seo foilsithe ar shuíomh gréasáin na scoile nó cuirfear ar fáil í ar iarratas ón scoil. Tá sé curtha ar fáil do gach ball de fhoireann na scoile, do chumann na dtuismitheoirí, don phátrún agus do thuismitheoirí. Cuirfear cóip den ráiteas seo agus den mheasúnú riosca ar fáil do Túsla agus don roinn má iarrtar é.

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo nó a luaithe is féidir tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar lena mbaineann an ráiteas seo.

**Measúnú Riosca um Chosaint Leanaí**

**Nósanna Imeachta Coitianta ata i bhfeidhm chun riosca a mhaolú:**

- Ta cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus de Mheasúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball foirne.
- Tá nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 ar fáil do gach ball foirne.
- Ceanglaítear ar phearsanra scoile cloí leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 agus ceanglaítear ar gach ball foirne teagaisc cláraithe cloí leis an Acht um Leanaí ar dtús 2015 chomh maith le tacú le cur i bhfeidhm leanúnach na treorach dea-chleachtais ata leagtha amach i Leanaí ar dtús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas leanaí 2017 agus a cuid aguisíní, lena n-áirítear an tAguisín le Tús Áite do Leanaí 2019 agus 2025
- Tá prótacal i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí.
- Cloíonn an scoil le Reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.
- Cloíonn an scoil le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Óige.

| | Gníomhaíochtaí Scoile | Rioscaí Aitheanta | Nósanna Imeachta atá i bhfeidhm chun riosca a mhaolú |
|---|---|---|---|
| 1. | Teacht agus Imeacht na nDaltaí<br><br>Sosanna / am clóis | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca Díobhála go ndéanta leanbh eile dochar do leanbh ag teacht ar scoil<br>• Riosca Díobhála gan a bheith aitheanta ag foireann na scoile<br>• Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras ag baill foirne na scoile.<br>• Riosca bulaíochta<br>• Riosca díobhála fisiciúla | • Tá Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 ar fáil do gach ball foirne scoile.<br>• Tá cóip de Ráiteas um Chosaint Leanaí agus de Mheasúnú Riosca na scoile curtha ar fáil ag an scoil do gach ball foirne.<br>• Próiseas síniú Isteach/Amach ag an oifig<br>• Tá Cód Iompair agus Polasaí Frithbhulaíochta - Bí Cineálta ag an scoil (CL 55/2024)<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe<br>• Róta agus Nósanna Imeachta Maoirseachta i bhfeidhm - Róta am sosa/lóin (ar an gclós, sa bhialann, taobh amuigh den leithris srl.) |
| 2. | Teagasc sa seomra ranga<br><br>Teagasc/tacaíocht duine le duine<br><br>Comhairleacht duine le duine<br><br>Staidéar Stiúrtha/ Fanacht Siar<br><br>Imeachtaí tar éis scoile | • Riosca nach n-aithneofar dochar<br>• Riosca nach dtuairisceofar dochar go pras<br>• Idirghníomhaíochtaí piaraí míchuí<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne na scoile dochar do leanbh sa scoil<br>• Riosca díobhála i gcásanna teagaisc, comhairleoireachta, cóitseála duine le duine<br>• Riosca díobhála mar gheall ar chaidreamh/cumarsáid mhíchuí idir leanbh agus leanbh nó duine fásta eile.<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta | • Cód Iompair na Scoile<br>• Cód Iompair do phearsanra na scoile (ón gComhairle Múinteoireachta do mhúinteoirí)<br>• Tá oiliúint ag an bhfoireann i Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí<br>• Cloíonn an scoil le Reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Tá prótacal i bhfeidhm lena n-údaraítear gníomh láithreach i gcásanna ina gceanglaítear ar fhostaí a bheith as láthair ón scoil láithreach ar chúiseanna cosanta leanaí. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | • Nósanna Imeachta ar theagasc/ Comhairleoireacht duine le duine<br>• Úsáidtear spás oscailte/seomra le painéal ghloine sa doras don teagasc<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe<br>• Nósanna Imeachta Maoirseachta<br>• Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha<br>• Cloíonn an scoil le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Óige maidir le hearcaíocht. |
| 3. | Teagasc ar líne<br><br>Úsáid TFC | • Riosca díobhála mar gheall ar úsáid mhíchuí ardán cumarsáide teagaisc agus foghlama cianda ar líne, amhail duine gan chuireadh ag rochtain an nasc ceacht, daltaí a fhágáil gan mhaoirseacht ar feadh tréimhsí fada ama i seomraí scoite.<br>• Riosca díobhála de dheasca cumarsáide míchuí idir ball foirne na scoile agus daltaí trí na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, gléas digiteach, nó ar bhealach eile<br>• Cibearbhulaíocht<br>• Riosca díobhála de bharr leanaí ag rochtain/úsáid mhíchuí ríomhairí, meáin shóisialta, fóin agus gléasanna eile agus iad ar scoil | • Curaclam OSPS i bhfeidhm, sábháilteacht ar líne mar chuid<br>• Tá Polasaí Úsáide Inghlactha ag an scoil (AUP)<br>• Nósanna imeachta le húsáid teicneolaíochta<br>• Tá polasaí i bhfeidhm ag an scoil maidir le húsáid fóin chliste agus táibléad sa scoil ag daltaí de réir chiorclán 38/2018 agus na dtreoirlínte náisiúnta.*<br>• Cód lompair<br>• Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha.<br>• Polasaí Frithbhulaíochta & Nósanna Bí Cineálta (CL 55/2024)<br>• Monatóireacht & Nósanna Maoirseachta<br>• Nósanna Tuairiscithe<br>• Treoir a thabhairt do thuismitheoirí/daltaí |

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | Gníomhaíochtaí Teagaisc Lasmuigh | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca díobhála fisiciúla<br>• Teagmháil mhíchuí | • Nósanna imeachta maoirseachta<br>• Measúnuithe riosca do thurais<br>• Cleachtas Sláinte agus Sábháilteachta<br>• Cód Iompair |
| 5. | Gníomhaíochtaí spóirt & Lá Spóirt | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Teagmháil mhíchuí<br>• Daoine fásta thart gan ghrinnfhiosrúchán déanta orthu<br>• Riosca go ndéanfadh oibrí deonach nó cuairteoir ar an scoil dochar do leanbh sa scoil<br>• Díobháil fhisiciúil | • Nósanna Imeachta Maoirseachta taobh amuigh do sheomraí feistis<br>• Baill foirne ag fanacht le daoine seachtracha nuair is gá<br>• Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.<br>• Cód Iompair<br>• Garchabhair ar fáil |
| 6. | Turais scoile, Turais thar oíche & Turais thar lear<br><br>Áiseanna lasmuigh den láthair a úsáid<br><br>Imeachtaí tiomsaithe airgid a bhíonn daltaí páirteach iontu | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile dochar do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil<br>• Riosca díobhála fisiciúla<br>• Leochaileacht mhéadaithe | • Tá polasaí turais scoile ag an scoil.<br>• Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.<br>• Measúnuithe riosca do thurais<br>• Socruithe maoirseachta<br>• Rialacha leagtha amach don turas<br>• Cód Iompair<br>• Cead faighte ó thuismitheoirí<br>• Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil* |
| 7. | Leithris/Seomraí Gléasta | • Bulaíocht<br>• Teagmháil mhíchuí<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• | • Nósanna Imeachta maoirseachta taobh amuigh ar leithris agus ar áiteanna gléasta<br>• Polasaí Frithbhulaíochta - Bí Cineálta (CL 55/2024)<br>• Cód Iompair |
| 8. | Iompar scoile (Bus srl) | • Dochar ó thiománaí/ coimhdeacht taistil | • Cloíonn an scoil le reachtaíocht |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca díobhála gan a bheith aitheanta ag foireann na scoile<br>• Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras ag baill foirne na scoile<br>• Riosca díobhála i gcás nach bhfaigheann baill foirne scoile oiliúint chuí<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne na scoile dochar do leanbh | Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Cód Iompair<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe<br>• Nósanna Imeachta Maoirseachta (nuair is turas scoile atá i gceist) |
| 9. | Daltaí le ROS/cúram pearsanta<br><br>Cúram do dhaltaí leochaileacha | • Leochaileacht mhéadaithe<br>• Teagmháil mhíchuí<br>• Riosca nach dtuairisceofar/ nach n-aithneofar dochar go pras | • Polasaí RBO le forbairt*<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe um Chosaint Leanaí<br>• Oiliúint um Chosaint Leanaí<br>• Cúram Tréadach ar fáil<br>• Polasaí Frithbhulaíochta - Bí Cineálta (CL 55/2024)<br>• Curaclam OSPS & Folláine<br>• Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.<br>• Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha |
| 10. | Iompar dúshlánach | • Dochar fisiciúil<br>• Srianadh míchuí<br>• Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart | • Úsáideann an scoil treoir 'Iompair Imní a Thuiscint'.<br>• Cód Iompair<br>• Taifeadadh/Tuairisciú<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe<br>• Plean Iompair i bhfeidhm nuair is cuí |
| 11. | Garchabhair<br><br>Riachtanas leighis | • Teagmháil mhíchuí<br>• Cóireáil mhícheart<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Láimhseáil neamhshábháilte | • Nósanna Imeachta Garchabhrach<br>• Oiliúint foirne (Eanáir 2026) - Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Dáileog mhícheart | • Tuairisciú teagmhais<br>• Beartas Sláinte agus Sábháilteachta<br>• Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil*<br>• Taifead déanta ar Riachtanais Leighis agus aire – cead faighte/treoracha faighte ó thuismitheoirí<br>• Fein-riar na ndaltaí, nuair is cuí, le cúrsaí leighis, nó baill foirne atá oilte. |
| 12. | Soláthar bia agus dí a bhainistiú<br><br>Soláthar ceaintín | • Riosca go ndéanfadh ball foirne scoile, ball foirne eagraíochta eile, e/ conraitheoir seachtrach nó duine eile dochar do leanbh<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• | • Nósanna Imeachta Maoirseachta<br>• Cód Iompair<br>• Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí<br>• Éadulaingt bia agus ailléirgí curtha in iúl - Cosc Scoile nuair is cuí |
| 13. | Soláthar curaclaim OSPS/OCG | • Riosca go bhfaighidh daltaí ábhar míchruinn nó míchuí<br>• Riosca nach mbeadh múinteoirí ullmhaithe<br>• Riosca go mbeadh míchompord nó anacair i measc daltaí. | • Oiliúint Foirne – FGL Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha<br>• Scéimeanna OSPS/OCG faoi treoir sonraíocht náisiúnta<br>• Clár folláine<br>• Nósanna Imeachta um Chumhdach Leanaí<br>• Cúram tréadach ar fáil<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe |
| 14. | Cosc ar bhulaíocht<br><br>Cúram do dhaltaí ó chúlraí mionlaigh<br><br>Leanaí leispiacha, aeracha, déghnéasacha nó trasinscneacha. Daltaí a mheastar go bhfuil | • Dochar ó bhulaíocht<br>• Cibearbhulaíocht<br>• Dochar de bharr bulaíochta/leithcheal ar aon bhonn/ ciníochais<br>• Leochaileacht mhéadaithe<br>• Riosca Díobhála go ndéanta leanbh eile dochar do leanbh ar scoil<br>• Riosca nach n-aithneofar dochar | • Polasaí Frithbhulaíochta & Nósanna Bí Cineálta (CL 55/2024)<br>• Cód Iompair<br>• Nósanna imeachta tuairiscithe<br>• Curaclam OSPS/ Clár Folláine, sábháilteacht ar líne mar chuid<br>• Cleachtas ionchuimsitheach |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | LADT<br><br>Cúram a thabhairt do dhaltaí a bhfuil leochaileach / riachtanais shonracha acu | • Riosca nach dtuairisceofar dochar go pras | • Cuireann an scoil tionscnaimh feasachta frithchiníochais i mbun.<br>• Plean Bainistíochta Teagmhas Criticiúil* |
| 15. | Oiliúint phearsanra scoile (Cosaint Leanaí) | • Riosca nach n-aithneofar dochar<br>• Riosca nach dtuairisceofar dochar go pras<br>• Cleachtas neamhsheasmhach | • Taifid ar Oiliúint Phearsanra Scoile a choimeád<br>• Dul Siar ar an bPolasaí, nósanna Imeachta agus dualgais mar chuid de Chruinnithe ag tús na Scoilbhliana<br>• Tacaíocht do bhaill foirne freastal ar thraenáil |
| 16. | Soláthraithe seachtracha:<br>Cóitseálaithe<br>Cainteoirí<br>Aíonna | • Ábhar míchuí<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile dochar do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta | • Taifead á choimeád faoi chuairteoirí agus nósanna imeachta<br>• Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Baineann an scoil úsáid as seirbhísí bunaithe agus cáil mhaith acu<br>• Nósanna Imeachta Maoirseachta<br>• Nósanna imeachta tuairiscithe |
| 17. | Pearsanra scoile a earcú, cuairteoirí/ conraitheoirí san áireamh | • Daoine fásta gan ghrinnfhiosrúchán déanta orthu i gceart<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne scoile, ball foirne eagraíochta eile nó duine eile dochar do leanbh agus an leanbh ag glacadh páirte i ngníomhaíochtaí lasmuigh den scoil<br>• Riosca go ndéanfadh leanbh eile dochar don leanbh sa scoil<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta | • Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána<br>• Cloíonn an scoil le ciorcláin ábhartha na Roinne Oideachais agus Óige.<br>• Nósanna imeachta earcaíochta<br>• Cód Iompair<br>• Socruithe Maoirseachta<br>• Molann an scoil do bhaill foirne leas a bhaint as oiliúint ábhartha. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | • Riosca díobhála gan a bheith aitheanta ag foireann na scoile<br>• Riosca nach ndéantar dochar a thuairisciú i gceart agus go pras<br>• | |
| 18. | Daltaí ar thaithí oibre ar scoil agus in áiteanna eile | • Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca díobhála in ionaid oibre seachtracha<br>• Riosca go ndéanfadh ball foirne eagraíochta eile nó duine eile<br>• Riosca timpeallacht nach bhfuil sábháilte<br>• Riosca nach bhfuil nósanna imeachta tuairiscithe soiléir<br>• Riosca díobhála de dheasca cumarsáide míchuí idir duine fásta agus daltaí trí na meáin shóisialta, teachtaireachtaí téacs, gléas digiteach, nó ar bhealach eile | • Féilire taithí oibre ag an scoil.<br>• Nósanna imeachta maidir le taithí oibre<br>• Cloíonn an scoil le reachtaíocht Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána.<br>• Ráiteas um Chosaint agus um Shlándáil Leanaí ar fáil<br>• Treoir ar fáil maidir le cosaint leanaí<br>• Cead faighte ó thuismitheoirí<br>• Teagmháil idir an scoil agus feitheoir thaithí oibre – sonraí teagmhála bailithe<br>• Nósanna imeachta tuairiscithe |
| 19. | Múinteoirí faoi oiliúint ag tabhairt faoi shocrúchán scoile | • Riosca díobhála<br>• Easpa feasachta ar nósanna imeachta<br>• Riosca nach n-aithneofar dochar<br>• Riosca nach dtuairisceofar dochar go pras | • Ionduchtú mar chuid den shocrúchán<br>• Ráiteas um Chumhdach Leanaí curtha ar fáil<br>• Múinteoir comhoibríoch ag obair leo<br>• Cloí le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí |
| 20. | Úsáid físe/ grianghrafadóireachta/ meáin eile chun imeachtaí scoile a thaifeadadh | • Riosca mí-úsáide/comhroinnte<br>• Riosca díobhála ar líne<br>• Sarú ar GDPR | • Nósanna imeachta soiléire do na meáin / grianghraf<br>• Nósanna imeachta GDPR<br>• Comhaontú PUI |
| 21. | Úsáid thalamh na scoile ag eagraíochtaí eile taobh amuigh d'uaireanta scoile | • Riosca díobhála do leanaí ar an láthair<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca nach mbeidh nósanna imeachta um | • Deimhníonn aon eagraíocht ag obair le páistí agus ag úsáid thalamh na scoile leis an scoil i scríbhinn go bhfuil: Próiseas Grinnfhiosrúcháin |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | Imeachta um Chosaint agus um shlándáil leanaí, Oiliúint don fhoireann, Cosaint sonraí<br>• Maoirseacht/ Monatóireacht á dhéanamh ag bainistíocht na scoile/ baill foirne na scoile nuair is cuí<br>• Nósanna imeachta tuairiscithe |
| 22. | Úsáid thalamh na scoile ag eagraíochtaí eile i rith uaireanta scoile | • Riosca rochtana ar dhaltaí<br>• Riosca díobhála de bharr easpa maoirseachta<br>• Riosca go mbeidh rochtain gan mhaoirseacht ag úsáideoirí seachtracha ar dhaltaí | • Nósanna imeachta soiléire,<br>• Nósanna Imeachta Maoirseachta<br>• Taifead déanta ar chuairteoirí<br>• Maoirseacht/ Monatóireacht á dhéanamh ag bainistíocht na scoile/ baill foirne na scoile<br>• Nósanna imeachta tuairiscithe |
| 23. | Leanaí faoi Chúram<br>Leanaí ar Chóras Fógra um Chosaint Leanaí Túsla (CPNS) | • Dochar de bharr bulaíochta<br>• Leochaileacht<br>• Riosca nach n-aithneofar dochar<br>• Riosca nach dtuairisceofar dochar go pras<br>• | • Nósanna Imeachta - Bí Cineálta<br>• Cleachtas ionchuimsitheach<br>• Nósanna Imeachta Tuairiscithe<br>• Curaclam OSPS/Folláine |
| 24. | Cumarsáid foirne | • Fadhbanna teorannacha<br>• Cumarsáid mhíchuí | • Cód Iompair ag an scoil don fhoireann (ón gComhairle Múinteoireachta)<br>• Cloíonn baill foirne le Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí<br>• Polasaí Úsáid Inghlactha (AUP) |

*Polasaí le forbairt/uasdátú – dea-nósanna i bhfeidhm

| |
|---|
| Is éard is riosca i gcomhthéacs an Ráitis um Chosaint Leanaí agus an Mheasúnú Riosca seo ná an riosca "díobhála" mar a shainmhínítear é in Acht um Thús Áite do Leanaí 2015 agus ní riosca ginearálta sláinte agus sábháilteachta. Leagtar amach an sainmhíniú ar dhíobháil san Acht um Leanaí ar dtús 2015: ciallaíonn "díobháil", i ndáil le leanbh— (a)ionsaí, drochíde nó faillí an linbh ar bhealach a théann i bhfeidhm go tromchúiseach ar shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó ar dócha go ndéanfaidh sé difear tromchúiseach do shláinte, forbairt nó leas an linbh, nó (b) mí-úsáid ghnéasach an linbh, cibé acu de bharr gníomh, neamhghníomh nó imthosca aonair nó sraith nó teaglaim de ghníomhartha, neamhghníomhartha nó imthosca, nó eile. |

De réir Alt 11 den Acht um Leanaí ar dtús 2015 agus le ceanglais Chaibidil 9 de na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025, seo a leanas an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca i scríbhinn.

Agus an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus an Measúnú Riosca seo á ndéanamh acu, tá iarracht déanta ag an mbord bainistíochta na rioscaí díobhála a bhaineann leis an scoil seo a aithint a mhéid is féidir agus a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta leordhóthanacha i bhfeidhm chun na rioscaí go léir a shainaithnítear a bhainistiú. Cé nach féidir gach riosca díobhála a thuar agus a bhaint, tá na nósanna imeachta atá liostaithe sa mheasúnú riosca seo i bhfeidhm ag an scoil chun an riosca a bhainistiú agus a laghdú a mhéid is féidir.

Rinne an bord bainistíochta athbhreithniú ar an Ráiteas um Chosaint Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo ar 18 Meitheamh 2026

Sínithe:* Dáta: 18ú/6/26
*Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta*

Sínithe:* Dáta: 18/06/26
*Príomhoide/Rúnaí an bhoird bhainistíochta*

Táthar ag súil go ndéanfar athbhreithniú arís ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus ar an Measúnú Riosca seo arís i Mí an Mheithimh 2027

*Doiciméid le priontáil agus le síniú le sínithe bunaidh

**CSS 4(b) Ráiteas um Chosaint Leanaí atá furasta le húsáid ag daltaí (iar-bhunscoil)**

# Cosaint Leanaí inár Scoil

## CÉARD É?

- Is éard atá i gceist le cosaint leanaí ná an rud a dhéanaimid inár scoil chun leanaí agus daoine óga a choinneáil slán ó dhochar.
- Smaoinímid freisin ar bhealaí chun gach duine a choinneáil sábháilte agus scríobhaimid síos iad seo. Tugtar ár **Ráiteas um Chosaint Leanaí** air seo.
- Déanaimid seiceáil ar seo gach bliain. Nuair a dhéanaimid é seo iarrfaimid ort cad a cheapann tú faoi chosaint inár scoil.
- Má deir nó má dhéanann duine rud éigin a ghortaíonn tú nó a chuireann míchompord ort, is féidir leat a rá le duine fásta a bhfuil muinín agat as.
- Bíonn duine i ngach scoil i gceannas ar chúram cosaint leanaí. Tugtar Duine Idirchaidrimh Ainmnithe nó DIA ar an duine seo.



## IS FÉIDIR LEAT CABHAIR A FHÁIL Ó:

Aon duine fásta iontaofa
Mar shampla, múinteoir, CRS, an príomhoide tanaisteach nó an príomhoide

## CAD A DHÉANFAIMID?

- Éistfimid agus tuigfimid
- Tabharfaimid treoir nó lorgfaimid cabhair



An Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (DIA) dár scoil ná **an Príomhoide - Martha Ní Chathasaigh**



An Leas Duine Idirchaidrimh Ainmnithe (LDIA) ná **an Príomhoide Tánaisteach - Rita Ní Dhomhnalláin**